

Oifigeach um Mhaoiniú agus Forbairt na Meán

Grád Oifigigh Feidhmiúcháin
Foireann Forbartha agus Maoinithe Meán,
Rannóg Tírdhreacha na Meán

Pacáiste Faisnéise Iarratasóra



A Iarratasóir, a chara,

Go raibh maith agat as spéis a léiriú i ról an Oifigigh um Mhaoiniú agus Forbairt na Meán.

Agus tú ag obair i gCoimisiún na Meán, cabhróidh tú le tírdhreach meán rathúil, éagsúil, cruthaitheach, sábháilte agus iontaofa a chruthú, a oibríonn do dhaoine in Éirinn agus ar fud an ar fud an Aontais Eorpaigh.

Cabhróidh tú linn tírdhreach na meán a rialáil, tacú leis agus a fhorbairt. Cabhróidh tú le cearta bunúsacha gach duine a chosaint agus a chinntiú go leanfaimid de bheith ag maireachtáil i sochaí dhaonlathach oscailte.

Tá ár n-eagraíocht ag fás go tapa. D'fhás muid ó 40 duine go 300 inár gcéad trí bliana. Tagann ár ndaoine ó raon leathan cúlraí: eárnálacha ar líne agus na meán, an tsochaí shibhialta, an tseirbhís phoiblí, an saol acadúil agus gairm an dlí. Táimid bródúil as na deiseanna a thugaimid i gcomhair fhorbairt gairmiúil. Táimid tiomanta d'fhórsa saothair a bheith againn a léiríonn éagsúlacht na sochaí ar a bhfreastalaímid.

Tá áthas orainn Oifigeach um Mhaoiniú agus Forbairt na Meán a earcú. Cuirfidh an ról seo le seachadadh na straitéise a ghlacamar níos luaithe i mbliana. Cuideofar lenár spriocanna a chinntiú, i dtaobh thírdhreach na meán, go ndéanfar:

- seasamh le cearta, folláine agus forbairt leanaí
- tacú leis an daonlathas agus le luachanna daonlathacha
- bheith mar cheann a bhfuil muinín ag tomhaltóirí as ionas go gcosnófar iad ó dhúshaothrú agus ó chalaíochais
- cultúr na hÉireann agus cé muid féin mar shochoaí a léiriú agus a mhúnlú
- luachanna an cheartais, an chomhionannais, na héagsúlachta agus an chuimsithe a chur chun cinn
- sláinte agus sábháilteacht an phobail a neartú

Má chreideann tú go bhfuil an deis seo ag teacht le do chuid scileanna agus má thugann sé deis fás go gairmiúil, bheimis ar bís cloisteáil uait agus spreagfaimis duit iarratas a dhéanamh.

Is mise le meas

Jeremy Godfrey, Cathaoirleach Feidhmiúcháin



Clé go Deas: Rónán Ó Domhnaill, Niamh Hodnett, Jeremy Godfrey, Aoife MacEville, John Servings

Ár bhFís agus ár Misean



Is í an fhís atá againn ná tírdhreach meán rathúil, éagsúil, cruthaitheach, sábháilte agus iontaofa a chinntiú.




Déanaimid tírdhreach na meán a rialáil, tacú leis agus a fhorbairt atá mar bhonn agus mar thaca ag cearta bunúsacha agus a chothaíonn sochaí oscailte, dhaonlathach agus iolraíoch.

Ár Réimsí Torthaí Straitéiseacha



Ár Luachanna



Eolas Faoin Ról Seo

Cuspóir an Róil

Is é cuspóir an ról seo tacú le roinnt scéimeanna maoinithe meán a riar agus a sholáthar, lena n-áirítear scéim nuabhunaithe amháin atá á forbairt agus á cur chun feidhme faoi láthair. Tacóidh an ról le bainistíocht rathúil conarthaí deontais agus íocaíochtaí, rannchuideoidh sé le forbairt agus feabhsú leanúnach phróis na scéime, agus rachaidh sé i dteagmháil le páirtithe leasmhara chun tacú le hoibriú agus cur chun cinn éifeachtach na gclár maoinithe.

Maidir leis an bhFoireann/Rannóg

Tá an Fhoireann Maoinithe mar chuid de Rannán Tírdhreacha na Meán agus tá sí freagrach as chun scéimeanna maoinithe meán a riar a thacaíonn le hiriseoireacht ar mhaithe le leas an phobail a tháirgeadh agus a sholáthar. Tá Forbairt na Meán mar chuid de Rannán Tírdhreacha na Meán de chuid Choimisiún na Meán freisin. Príomhfhreagracht de chuid na foirne is ea maoirseacht a dhéanamh ar chláir maoinithe agus tacú le forbairt leanúnach eamáil na meán i gcoitinne in Éirinn. Bainistíonn an fhoireann roinnt scéimeanna maoinithe a bunaíodh tar éis moltaí ón gCoimisiún um Thodhchaí na Meán.



Coimisiún
na Meán

Príomhfhreagrachtaí

- Tacú le seachadadh roinnt scéimeanna maoinithe iriseoireachta , lena n-áirítear iarratais a phróiseáil, painéil mheasúnaithe a réachtáil, agus aiseolas a ullmhú d'iarratasóirí.
- Athbhreithniú a dhéanamh ar tháirgí insoláthartha conartha faighteora deontais agus conarthaí cistiúcháin a phróiseáil i gcomhréir le ceanglais na scéime.
- Ritheann íocaíochtaí míosúla deontais a riar agus taifid chruinne ar mhaoiniú a choinneáil.
- Anailísiú ar shonraí scéime agus ar mhéadrachtaí feidhmíochta agus cur i láthair a ullmhú ar na torthaí.
- Rannpháirtíocht leanúnach na bpáirtithe leasmhara, cuir i láthair ar sheimineáir ghréasáin san áireamh.
- Doiciméadacht scéime nua a ullmhú, próisis a fhorbairt agus comhlíonadh rialachán casta an Aontais maidir le Státchabhair a chinntiú.
- Taighde deisce a dhéanamh chun tacú le scéimeanna cistiúcháin, forbairt beartais, agus anailís tionscail.
- Maoirseacht agus tacaíocht bhainistíochta ó lá go lá a chur ar fáil d'Oifigigh Chléireachais

Tá an méid thuas beartaithe mar threoir ar raon ginearálta na ndualgas agus tá sé beartaithe nach mbeidh sé cinntitheach ná sriantach agus tá sé faoi réir athbhreithnithe.



Eolas Fút

Taithí, Scileanna, Eolas & Cáilíochtaí

Critéir Riachtanacha

- Scileanna láidre cumarsáide ó bhéal agus i scríbhinn, lena n-áirítear scileanna scríbhneoireachta tuarascála agus rannpháirtíocht páirtithe leasmhara.
- Scileanna eagrúcháin den scoth agus aird ar mhionsonraí; cumas faisnéis chasta a léirmhíniú.
- Inniúlacht le TF agus toilteanas réitigh nua TF a fhoghlaim.
- Taithí chléireachais/riaracháin den scoth.
- Cumas tosaíocht agus obair a dhéanamh ar roinnt mhaith tionscadail.
- Taithí roimhe seo san iriseoireacht agus/nó i dtírdhreach na meán.

Critéir Inmhianaithe

- Scileanna anailíseacha sonraí, lena n-áirítear an cumas sonraí a léirmhíniú agus torthaí a chur i láthair go soiléir.
- Taithí ar scéimeanna maoinithe, riarachán deontas nó obair phróisis-bhunaithe dá samhail.
- Roinnt taithí airgeadais nó eolas ar chórais airgeadais.



Príomhfhaisnéis

Sochair, Pacáiste & Pá

- Cuirtear an post seo ar fáil ar bhonn Buan.
- Lánaimseartha, 35 uair in aghaidh na seachtaine
- Saoire Bhliantúil: 23 lá in aghaidh na bliana
- Ról hibrideach a bheidh sa ról ina mbeidh meascán d'obair sa bhaile agus san oifig. Is é ár mbeartas hibrideach reatha 2 lá san oifig.
- Tá ár n-oifig lonnaithe ag a hAon Foirgnimh Shíol Bhroin, Bóthar Shíol Bhroin, Baile Átha Cliath 4, D04 NP20.
- Féach ár suíomh gréasáin [anseo](#) le haghaidh liosta iomlán sochar
- Tá an post seo grádaithe ag an scála Oifigigh Feidhmiúcháin.
- Ceapfar iarrthóirí a n-éireoidh leo ar an gcéad pointe den scála

Próiseas Iarratais

Má tá suim agat iarratas a dhéanamh ar an bpost seo, cuir na nithe seo a leanas isteach:

- CV (uas 2 leathanach) agus litir chlúdaigh/ráiteas pearsanta (uas 1 leathanach) ina leagtar amach cén fáth a gcreideann tú go gcomhlíonann do scileanna, taithí agus luachanna riachtanais an phoist trí [ANSEO](#)
- Tá ceapachán ar an ról seo faoi réir incháilitheacht an iarrthóra chun oibriú in Éirinn. Éilítear le gach post go mbeadh cónaí ar iarrthóirí i bPoblacht na hÉireann nó i dTuaisceart Éireann.
- Déanfar iarrthóirí a théann i mbun canbhasála a dhícháiliú agus a eisiáimh ón bpróiseas

Ní bhreithneofar iarratais dhéanacha nó iarratais nach bhfuarthas tríd an gcainéal ceart, mar a chuirtear in iúl thuas.

Le haghaidh ceisteanna a bhaineann leis an bpróiseas iarratais nó roghnúcháin a bhaineann leis an ról seo, déan teagmháil le cnam@cpl.ie

Inniúlachtaí

Féach liosta na n-inniúlachtaí thíos a mheasúnófar ag céim an agallaimh don chomórtas seo. Chun tuilleadh eolais a fháil faoi na hinniúlachtaí, téigh chuig ár [gceisteanna coitianta](#).

Bainistíocht Daoine

Anailís agus cinnteoireacht

Torthaí a Sheachadadh

Scileanna Idirphearsanta agus Cumarsáide

Saineolas, Oilteacht agus Féinfhorbairt

Treallús agus Tiomantas do Luachanna Seirbhíse Poiblí



Muinín



Iarmhairt



Misneach



Neamhspleáchas



Díríthe ar dhaoine



Ionracas

Fógra Príobháideachais

Próiseálann Coimisiún na Meán (An Coimisiún, CnaM, sinne, ár) na sonraí pearsanta a eascraíonn as a fheachtas earcaíochta. Is é CnaM an Rialaitheoir Sonraí, agus is é CPL an Próiseálaí Sonraí a cheapann CnaM chun an próiseas earcaíochta a stiúradh. Is iad sonraí teagmhála an Rialaitheora Sonraí - Oifigeach Cosanta Sonraí, Coimisiún na Meán 1 Foirgnimh Shelbourne, Bóthar Shelbourne, Baile Átha Cliath 4, D04 NP20, Éire.

Ríomhphost: dpo@cnam.ie **Uimhir Teileafóin:** 01 963 7755

Déanfaidh CnaM na sonraí pearsanta a bhailítear le linn an phróisis earcaíochta a phróiseáil chun críche athbhreithniú, breithniú agus roghnú na n-iarratas agus chun teagmháil a dhéanamh le hiarratasóirí. Féadfaidh ionadaithe CnaM a bheith ar fhaighteoirí tríú páirtí. Ní aistríonn CnaM sonraí pearsanta lasmuigh den AE ná den LEE.

D'fhéadfadh go n-áireofaí ar bhonn dlíthiúil CNAM chun na sonraí seo a bhailiú agus a phróiseáil:

- Conradh - i gcás inar gá an phróiseáil chun conradh a chomhlíonadh, nó chun bearta a dhéanamh ar iarratas ón ábhar sonraí sula ndéantar conradh

agus/nó

- Toiliú - sa chás go bhfuil toiliú sainráite tugtha agat don phróiseáil (m.sh. socruithe réasúnta)

Stórálfar na sonraí pearsanta a phróiseáiltear go slán. Stórálfar na sonraí seo ar feadh 12 mhí ar a mhéad i gcás nach n-éireoidh le hiarratas.

Tá sé de cheart ag iarratasóirí rochtain a fháil ar a gcuid sonraí agus aon mhíchruinneas ina gcuid sonraí a cheartú. Chun é seo a dhéanamh, scríobh chuig an Oifigeach Cosanta Sonraí ag an seoladh atá liostaithe thuas. Tá sé de cheart ag iarratasóirí, i gcás inarb iomchuí, a gcuid sonraí a scriosadh agus/nó srian a chur ar phróiseáil a gcuid sonraí. Ina theannta sin, tá sé de cheart ag ábhair sonraí gearán a dhéanamh leis an gCoimisiún um Chosaint Sonraí. Tá ár Ráiteas Cosanta Sonraí iomlán ar fáil anseo: <https://www.cnam.ie/ga/rialachas/cosaint-sonrai-priobhaideachas/raiteas-priobhaideachais>

An Próiseas Roghnúcháin

Áireofar sa phróiseas roghnúcháin:

Iarrthóirí a ghearrliostú bunaithe ar an bhfaisnéis a cuireadh ar fáil ina n-iarratas, ama measúnú in aghaidh na gcritéar sonraithe don ról. Tabharfar cuireadh d'iarrthóirí atá ar an ngearrliosta freastal ar agallamh ar bhonn inniúlachtaí a dhéanfar go pearsanta ag ár n-oifig i mBaile Átha Cliath.

Socruithe Réasúnta

Cuirfear socruithe réasúnta ar fáil, más gá, le linn an phróisis earcaíochta. Chun socruithe réasúnta faoi rún a phlé agus a iarraidh téigh i dteagmháil le amckiernan@cnam.ie

Is fostóir comhdheiseanna é Coimisiún na Meán. Cuirimid fáilte roimh iarratais ó iarrthóirí a bhfuil cúlraí éagsúla acu agus táimid tiomanta d'fhórsa saothair cuimsitheach éagsúil a chur chun cinn a léiríonn Éire na linne seo. Oibrímid chun cultúr a chruthú ina bhfuil rochtain chomhionann ag gach duine ar dheiseanna agus ina mbraitheann siad compordach iad féin a chur i láthair go dílis ag an obair.

Dáta Deiridh: 7 Iúil 2026 ag 3i.n.

